

COMHAD FÍRICÍ: EACNAMAÍOCHT BHAILE GCSE: Bia agus Cothú



Scéimeanna Lipéadaithe Bia

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltáí a bheith ábalta:

- An cuspóir a shainnithint agus a mhíniú atá leis na scéimeanna eiticiúla agus timpeallachta lipéadaithe bia atá acu seo:
 - An Fhondúireacht um Thrádáil Chóir; agus
 - Cumann na hIthreach.

AN FHONDÚIREACHT um THRÁDÁIL CHÓIR

Cad é an Fhondúireacht um Thrádáil Chóir?

Is é atá i gceist leis an Fhondúireacht um Thrádáil Chóir ná an córas cóirtrádála is mó agus is cáiliúla ar domhan. Is eagraíocht dhomhanda í a oibríonn le margadh níos fearr a fháil do fheirmeoirí agus d'oibrithe. Is carthanas cláraithe (uimh. 1043886) í An Fhondúireacht um Thrádáil Chóir.



Sa straitéis eagraíochtúil le haghaidh 2016-2020, 'Is féidir le Cóirtrádáil, Is féidir liom' leagtar amach uailmhian le tionchar níos mó a imirt ar mhaithe le táirgeoirí, agus níos mó fós de phobal na RA a mhealladh chun siopadóireachta agus le bheith i mbun feachtais chun margadh níos fearr do fheirmeoirí agus d'oibrithe i dtíortha i mbéal forbartha.

An méid a dhéanann an Fhondúireacht um Thrádáil Chóir

Is eagraíocht neamhbhrabúis neamhspleách í an Fhondúireacht um Thrádáil Chóir a thugann ceadúnú leis an Mharc CÓIRTHRÁDÁIL a úsáid ar tháirgí sa RA i gcomhréir le caighdeáin Chóirtrádála atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta.

Cuimsíonn na ceithre príomhréimse gníomhaíochta:

- Deimhniú neamhspleách a sholáthar agus úsáid an Mharc CÓIRTHRÁDÁLA a cheadúnú;
- Cuidiú le héileamh ar tháirgí Cóirtrádála a mhéadú agus táirgeoirí a chumasú le díol le trádálaithe agus le miondíoltóirí;
- Obair le comhpháirtithe le tacú le heagraíochtaí táirgeoirí agus a gcuid líonraí;
- Feasacht a ardú ar an ghá atá le Cóirtrádáil sa phobal agus an ról suntasach atá ag an Mharc CÓIRTHRÁDÁLA ar mhaithe le trádáil a dhéanamh cóir.

Go bunúsach is é atá i gceist le Cóirthrádáil ná:-

- praghsanna níos fearr;
- dea-choinníollacha oibre;
- téarmaí córa trádála do fheirmeoirí agus d'oibrithe;
- tacaíocht le haghaidh forbairt phobail feirmeoireachta agus oibrithe rathúla le go mbeadh níos mó smachta acu ar a gcinniúint féin; agus
- an timpeallacht ina gcónaí agus ina n-oibríonn siad a chosaint.

Ar an iomlán, cuireann Cóirthrádáil cobhsaíocht ioncaim ar fáil do theaghlaigh tuaithe a chuireann ar a gcumas pleanáil don todhchaí. Oibríonn sí le leas feirmeoirí beaga agus oibrithe, atá ar na daoine is mó imeallaithe ar domhan, trí thrádáil seachas cabhair le cur ar a gcumas a mbeatha a shaothrú agus barr a gcumais a bhaint amach. Is deis é fosta nascadh leis na daoine a fhásann na hearraí ar a mbraitheann muid uilig.

Cad é a chiallaíonn an Marc CÓIRTHRÁDÁLA?

Is lipéad deimhniúcháin cláraithe é an Marc CÓIRTHRÁDÁLA le haghaidh táirgí a thagann ó tháirgeoirí i dtíortha i mbéal forbartha. Tugtar an 'lógó Cóirthrádála' air in amanna.

Nuair a cheannaíonn tomhaltóirí táirgí a bhfuil an Marc CÓIRTHRÁDÁLA orthu, tacaíonn siad le feirmeoirí agus oibrithe agus iad ag obair lena mbeatha agus a bpobail a fheabhsú.



Caithfidh táirgí a bhfuil an Marc CÓIRTHRÁDÁLA orthu caighdeáin idirnáisiúnta Cóirthrádála a shásamh. Is é an foras deimhniúcháin idirnáisiúnta Cóirthrádála Idirnáisiúnta a leagann iad seo síos. Déantar na caighdeáin seo a aontú trí thaighde agus chomhairliúcháin le baill na scéime Cóirthrádála.

Ciallaíonn an Marc gur eagraíochtaí do fheirmeoirí nó plandálacha mionscála a tháirg na comhábhair Chóirthrádála sa táirge a chomhlíonann caighdeáin shóisialta, eacnamaíocha agus thimpeallachta Chóir Thrádála. Cuimsíonn na caighdeáin:-

- Timpeallacht agus cearta oibrithe a chosaint.
- Pragas Íosta Cóirthrádála a íoc. Socraítear an praghas Cóirthrádála íosta le costas táirgthe inbhuanaithe an táirge sin a chlúdach sa réigiún sin. Tá seo mar a bheadh líontán sábhála tábhachtach ann do fheirmeoirí agus d'oibrithe. Cinntíonn an chosaint seo gur féidir leo ioncam seasta cinnte a bheith acu agus pleanáil don todhchaí.
- Biseach Cóirthrádála le hinfheistiú i dtionscadail ghnó nó phobail. Socraíonn na feirmeoirí agus na hoibrithe iad féin an dóigh ar cheart don Bhiseach Cóirthrádála a infheistiú. Is é atá i gceist leis an bhiseach ná an tsuim bhreise airgid a íoctar ar bharr an phraghais íosta Chóirthrádála a fhaigheann feirmeoirí agus oibrithe ar féidir é a infheistiú i:
 - scoileanna;
 - iompar;
 - cúram sláinte;
 - sláintíocht;
 - timpeallacht fheabhsaithe; agus
 - trealamh agus cleachtas gnó níos fearr.
- Deimhniúchán do phlandálacha a tháirgeann táirgí amhail bananaí, tae agus bláthanna. Is comhlachtaí iad sin a fhostaíonn líon mór oibrithe ar eastáit. Cuimsíonn caighdeáin cearta bunúsacha amhail iad a choinneáil slán agus sláintiúil, a thugann saoirse ó mhargáil dóibh, a choisceann leithcheal agus a chinntíonn nach dtarlaíonn dúshaothrú páistí mídhleathach.

Is le feirmeoirí agus oibrithe 50% de Chóirthrádáil

Oibríonn Cóirthrádáil le réimse páirtithe leasmhara ach is le táirgeoirí thar cionn eagraíochtaí feirmeora agus oibrithe 50% den chóras dhomhanda.

Agus iad ar comhchéim tá ionchur ag táirgeoirí sa chinnteoireacht taobh istigh den Chomhthionól Ghinearálta agus ar Bhord Stiúirthóirí Idirnáisiúnta Chóirthrádála. Tríd an Bhord agus a choistí, tá siad bainteach le cinntí ar na rudaí seo a leanas:-

1. Straitéis ghinearálta;
2. Úsáid áiseanna; agus
3. Praghsanna, bisigh agus caighdeáin a shocrú.

Cóirthrádáil agus inbhuanaitheacht

Cad chuige a gciallaíonn Cóirthrádáil trádáil inbhuanaithe?

Tá go leor cainte ar inbhuanaitheacht, ach cén tionchar is féidir a bheith ag Cóirthrádáil ar thodhchaí inbhuanaithe a thógáil dúinn uilig? Amharc ar an ghearrthóg seo a leanas le haghaidh tuilleadh eolais – www.fairtrade.org.uk/en/what-is-fairtrade/fairtrade-and-sustainability

Cad iad cuid de bhunchlocha na hinbhuanaitheachta?

- Caighdeán maireachtála: slándáil ioncaim agus bia, riosca agus leochaileacht laghdaithe.
- Eagraíochtaí níos láidre.
- Obair chuibhiúil.
- Cosaint na timpeallachta agus oiriúnú d'athrú aeráide.

Tá níos mó eolais in 'How Green is Fairtrade?' – scannán a chruthaigh feachtasóirí Chóirthrádála in Bristol le ceiliúradh a dhéanamh gur óstáil siad comhdháil um Bhailte Cóirthrádála Idirnáisiúnta (*International Fair Trade Towns*) agus stádas Bristol mar Phríomhchathair Ghlas na hEorpa (European Green Capital) in 2015. Is féidir seo a fheiceáil ar You Tube – www.youtube.com/watch?v=gG3fd1Jg7Jk

- Rochtain ar mhargadh agus trádáil níos cothroime.
- I dtreo comhionannas inscne.
- Táirgiúlacht agus cáilíocht.
- Rochtain ar sheirbhísí bunúsacha. (www.fairtrade.org.uk)

Achoimre

- Is é an córas idirnáisiúnta Cóirthrádála (a bhfuil an Fhondúireacht um Thrádáil Chóir mar chuid de) an córas trádála is mó agus is cáiliúla ar domhan. Is eagraíocht dhomhanda í a oibríonn le margadh níos fearr a fháil do fheirmeoirí agus d'oibrithe.
- Sa straitéis eagraíochtúil le haghaidh 2016-2020, 'Is féidir le Cóirthrádáil, Is féidir liom', leagtar amach uailmhian le tionchar níos mó a imirt ar mhaithe le táirgeoirí, agus níos mó fós de phobal na RA a mhealladh chun siopadóireachta agus le bheith i mbun feachtais chun margadh níos fearr do fheirmeoirí agus d'oibrithe i dtíortha i mbéal forbartha.
- Is carthanas cláraithe í An Fhondúireacht um Thrádáil Chóir.
- Cuimsíonn an cheithre phríomhréimse gníomhaíochta:-
 1. Deimhniú neamhspleách a sholáthar agus úsáid an Mharc CÓIRTHRÁDÁLA a cheadúnú.
 2. Cuidiú le héileamh ar tháirgí Cóirthrádála a mhéadú.
 3. Obair le comhpháirtithe le tacú le heagraíochtaí táirgeoirí.
 4. Feasacht a ardú ar an ghá atá le Cóirthrádáil sa phobal.
- Nuair a cheannaíonn tomhaltóirí táirgí a bhfuil an Marc CÓIRTHRÁDÁLA orthu, tacaíonn siad le feirmeoirí agus oibrithe agus iad ag obair lena mbeatha agus a bpobail a fheabhsú.
- Go bunúsach is é atá i gceist le Cóirthrádáil ná praghsanna níos fearr, dea-choinníollacha oibre, téarmaí córa trádála do fheirmeoirí agus d'oibrithe, tacaíocht le haghaidh forbairt phobail feirmeoireachta agus oibrithe rathúla agus an timpeallacht ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn siad a chosaint.
- Is lipéad deimhniúcháin cláraithe é an Marc CÓIRTHRÁDÁLA le haghaidh táirgí a thagann ó tháirgeoirí i dtíortha i mbéal forbartha. Tugtar an 'lógó Cóirthrádála' air in amanna.
- Socraítear an Pragas Cóirthrádála Íosta le costas táirgthe inbhuanaithe an táirge sin a chlúdach sa réigiún sin. Cinntíonn sé seo go bhfuil ioncam seasta cinnte ag feirmeoirí agus oibrithe agus gur féidir leo pleanáil don todhchaí.
- Is é atá i gceist leis an Bhiseach Cóirthrádála ná an tsuim bhreise airgid a íoctar ar bharr an praghas íosta Cóirthrádála a fhaigheann feirmeoirí agus oibrithe ar féidir é a infheistiú i scoileanna, iompar, cúram sláinte, sláintíocht, timpeallacht fheabhsaithe, agus trealamh agus cleachtas gnó níos fearr.
- Maidir le táirgí áirithe deimhníonn Cóirthrádáil plandálacha fosta.
- Tá táirgeoirí ar comhchéim (50%) mar sin tá ionchur acu sa chinnteoireacht.
- Tá córas deimhniúcháin Cóirthrádála á reáchtáil ag comhlacht neamhspleách ar a dtugtar FLO-CERT a chinntíonn go gcomhlíontar caighdeáin ábhartha sóisialta agus timpeallachta.
- Is féidir le Cóirthrádáil tionchar a imirt ar thodhchaí inbhuanaithe a thógáil trí chaighdeán maireachtála a fheabhsú do fheirmeoirí agus d'oibrithe, trí eagraíochtaí níos láidre a chruthú, trí timpeallacht mhaith oibre a chinntiú, trí chosaint a chur ar fáil don timpeallacht, trí thrádáil níos córa a chur ar fáil, trí obair i dtreo comhionannas inscne, trí thacú le feirmeoirí táirgeacht a fheabhsú agus trí rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a chinntiú.

CUMANN NA HITHREACH

Is é Cumann na hIthreach an charthanacht is mó ballraíocht sa RA i mbun feachtais ar son bia, feirmeoireachta agus úsáid talún atá folláin, daonna agus inbhuanaithe. Is é an t-aon charthanacht sa RA i a oibríonn thar speictream shláinte an duine, na timpeallachta agus leas ainmhithe. An chúis atá leis sin nach féidir déileáil leis na cúrsaí seo ina n-aonair. Imscrúdaigh an ghearrthóg seo – www.soilassociation.org/about-us/soilfilm/ le haghaidh tuilleadh eolais.



Bhunaigh grúpa daoine Cumann na hIthreach toisc go raibh siad inníoch faoi na himpleachtaí sláinte a bhain le córais feirmeoireachta a bhí ag éirí níos déine i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Sa lá atá inniu ann tá siad go fóill dírithe ar athrú dearfach a chur ar bun.

Tá fócas leathan lena gcuid oibre – tá seo amhlaidh toisc nach bhfuil aon réiteach amháin ar na fadhbanna atá ag ár gcultúr bia.

Tacaíonn siad le prionsabail agus cleachtais orgánacha, le sláinte agus fuinneamh daoine, ainmhithe feirme agus an dúlra a chinntiú.

Oibríonn siad le go mbeidh bia maith mar rogha fhurasta do gach duine ar fud na RA, is cuma cé hiad nó cá háit a bhfuil siad tríd an obair a dhéanann **Bia don Bheatha**.

Cad é a dhéanann Cumann na hIthreach?

- Oibríonn Cumann na hIthreach leis an **chultúr bia** a athrú i scoileanna, ospidéal, tithe cúraim, ionaid oibre agus ar an mhórshráid.
- Eagraíonn Cumann na hIthreach scéimeanna le **todhchaí na feirmeoireachta** a chinntiú agus déanann siad **stocaireacht ar an rialtas** le hathruithe a dhéanamh ar bheartais dhochracha.
- Le cuidiú ó bhail, bíonn Cumann na hIthreach i mbun **feachtais le haghaidh athruithe dearfacha** ar bhia agus ar fheirmeoireacht.
- Bíonn Cumann na hIthreach **ag plé le feirmeoirí, le próiseálaithe, le lónadóirí agus le croiteoirí** le prionsabail orgánacha agus éiceolaíochta a thabhairt chun cinn.

Tá trí phríomhthéama straitéiseacha acu:-

• I dtreo na todhchaí

Tá an brú ar áiseanna an domhain ag dul i méid mar gheall ar chórais bhia agus dhianfheirmeoireachta. Agus iad ag obair le feirmeoirí, táirgeoirí agus taighdeoirí, tá Cumann na hIthreach ag troid ar son réitigh phraiticiúla ar dhúshláin atá ag an fheirmeoireacht nua aimseartha.

• Bia maith do gach duine

Ba cheart go mbeadh bia maith mar an rogha fhurasta do gach duine is cuma cé hiad nó cá háit a bhfuil siad. Tá Cumann na hIthreach ag cur bia maith ar fáil i naíolanna, scoileanna, ollscoileanna, ospidéal, tithe cúraim, ionaid oibre agus ar an mhórshráid.

• Athrú a chumasú

Trína bhfochuideachta trádála, Deimhniúchán Chumann na hIthreach, oibríonn Cumann na hIthreach le níos mó ná 6,000 gnólacht. Baintear fíorathrú amach sa domhan mar gheall ar an dóigh a n-oibríonn na gnólachtaí seo – déanann siad feirmeoireacht gan cheimiceáin, déanann siad agus riarann siad bia níos folláine agus tugann siad oideachas dá gcustaiméirí.

Tá feachtas Chumann na hIthreach ar son athraithe ag croilár saincheisteanna a bhaineann le bia agus feirmeoireacht mhaith.

Tosaíonn sé ar fad leis an ithir, mar a thosaíonn bunús gach ní beo ar domhan! Ach téann an obair i bhfad níos faide ná sin. Bíonn siad i mbun feachtais ar mhaithe le hithreacha, talamh feirme agus tuath fholláin; cleachtais feirmeoireachta nach ndéanann dochar don timpeallacht agus bia folláin a bhfuil freagracht shóisialta ag baint leis, go háirithe dóibh siúd is mó gá.

Creideann siad go bhfuil feirmeoireacht orgánach níos fearr do dhaoine, níos fearr d'ainmhithe, agus níos fearr don timpeallacht.

Ba cheart go mbeadh rochtain ag daoine ar bhia maith folláin.

“Tá sláinte na hithreach, na bplandaí, na n-ainmhithe agus an duine fite fuaite lena cheile.”

An Bhantiarna Eve Balfour, bunaitheoir Chumann na hIthreach

Is de dhlúth agus d'inneach an phláinéid í an ithir. Ach ainneoin go bhfuil ithir fholláin go fóill riachtanach le haghaidh táirgeadh bia, cosaint ar thuilte, agus ár gcumas déileáil le hathrú aeráide, ní thugtar aire di. Tá níos lú ná aon séú de thalamh an domhain fóirsteanach le haghaidh barra a fhás. Ach rinneadh neamhshuim di, agus tá trian d'ithreacha arúla an domhain díghráidithe – agus tá 75% de sin díghráidithe go mór.

Tá Cumann na hIthreach tiomanta chun an t-ábhar orgánach san ithir (slat tomhais thábhachtach maidir le sláinte ithreach) a mhéadú faoi 20% thar an 20 bliain amach romhainn. Chomh maith leis sin, is ó fheirmeacha mhonarchan a thagann níos mó ná 80% de na hainmhithe a thógtar san AE gach bliain, ach tá na cleachtais chruálacha seo ar siúl i bhfolach, ar shiúl ó radharc an phobail.

Ár nGnó Deimhniúcháin

Tá réimse mhór de scéimeanna deimhniúcháin orgánacha agus inbhuanaithe ag Cumann Deimhniúcháin na hIthreach maidir le bia, feirmeoireacht, lónadóireacht, sláinte agus scéimh, teicstílí agus foraoiseacht a aithníonn tomhaltóirí agus gnólachtaí ar fud an domhain agus a bhfuil muinín acu astu. Is iad an deimhnitheoir orgánach is mó sa RA iad, rud a chuireann teachtaireacht shoiléir in iúl do líon méadaitheach tomhaltóirí go bhfuil na táirgí seo freagrach ó thaobh na timpeallachta de agus go sóisialta. Chomh maith leis sin, léiríonn siombail Chumann na hIthreach ar tháirge gur deimhníodh é ag an leibhéal is airde maidir le poitéinseal leas ainmhithe i gcúrsaí táirgí feola, déiríochta agus éisc.

Is bealach tábhachtach iad lipéid bhia le cinntiú gur féidir le tomhaltóirí roghanna feasacha a dhéanamh faoin méid a itheann siad. In éineacht le Atrua i bhFeirmeoireacht Domhanda, (Compassion in World Farming), RSPCA agus Cumann Domhanda um Chosaint Ainmhithe (WSPA) tá Cumann na hIthreach ag obair ar fud an AE le hathrú a éileamh. Tá siad ag éileamh lipéadú ar gach táirge agus comhábhar ainmhithe san AE agus go bhfuil na lipéid simplí agus soiléir leis an eolas is mó atá de dhíth ar thomhaltóirí a thabhairt dóibh. ‘Cad é mar a tógadh an t-ainmhí seo?’
‘Cad é mar a tógadh an t-ainmhí seo?’

Obair maidir le Bia don Bheatha

Is é atá i gceist leis an chlár seo ná bia maith a bheith mar rogha fhurasta do gach duine – go mbeidh gach duine in ann sult a bhaint as béilí folláine, blasta agus inbhuanaithe ar bhonn rialta, ag athcheangal daoine leis an áit as a dtagann a gcuid bia, agus oideachas a thabhairt dóibh maidir leis an dóigh a bhfástar an bia agus an dóigh a ndéantar é a chócaráil, agus ar thús cadhnaíochta maidir leis an tábhacht a bhaineann le comhábhair ó fhoinsé mhaith.

Oibríonn an clár atá á réachtáil ag Cumann na hIthreach le scoileanna, naíolanna, ospidéal agus tithe cúraim, ag cuidiú leo eolas agus scileanna a chur chun cinn trí ‘chur chuige suímh iomláin’. Spreagann sé seo páistí agus tuismitheoirí, foireann, othair agus cuairteoirí, lónadóirí, cúramóirí agus an pobal níos leithne le guth cumhachtach a chruthú ar mhaithe le hathrú fadtéarmach.

www.soilassociation.org

Achoimre

- Is é Cumann na hIthreach an charthanacht is mó ballraíocht sa RA i mbun feachtais ar son bia, feirmeoireachta agus úsáid talún atá folláin, daonna agus inbhuanaithe.
- Bunaithe in 1946 ba mhaith leo domhan a chruthú ina ndéanann muid feirmeoireacht go freagrach, ina n-ithimid go folláin agus ina gcónaíonn muid i gcomhcheol leis an timpeallacht.
- Oibríonn siad leis an chultúr bia a athrú sna scoileanna, ospidéal, tithe cúraim, ionaid oibre agus ar an mhórshráid trína gcuid oibre maidir le Bia don Bheatha.
- Ritheann siad scéimeanna le stocaireacht a dhéanamh ar rialtais in éadan bheartais dhochracha.
- Bíonn siad i mbun feachtais ar mhaithe le hathruithe i mbia agus i bhfeirmeoireacht.
- Bíonn Cumann na hIthreach ag plé le feirmeoirí, le próiseálaithe, le lónadóirí agus le croiteoirí le prionsabail orgánacha agus éiceolaíochta a thabhairt chun cinn.
- I bhfeachtas foriomlán Chumann na hIthreach ar mhaithe le hithir, talamh feirme agus tuath atá folláin tá cleachtais fheirmeoireachta nach ndéanann dochar don timpeallacht agus atá freagrach go sóisialta.
- Tá réimse mhór de scéimeanna deimhniúcháin orgánacha agus inbhuanaithe ag Cumann Deimhniúcháin na hIthreach maidir le bia, feirmeoireacht, lónadóireacht, sláinte agus scéimh, teicstílí agus foraoiseacht a aithníonn tomhaltóirí agus gnólachtaí ar fud an domhain agus a bhfuil muintín acu astu.
- Chomh maith leis sin, léiríonn siombail Chumann na hIthreach ar tháirge gur deimhníodh é ag an leibhéal is airde maidir le poitéinseal leas ainmhithe i gcúrsaí táirgí feola, déiríochta agus éisc.

